


Mianadóireacht i gContae an Chláir

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi phlean mianadóireachta i gContae an Chláir. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat brí na bhfocal/na bhfrásaí thíos a aimsiú?



1. feachtas
2. Aire Comhshaoil
3. mianraí
4. de dheasca
5. síneadh coicíse
6. comhairliúchán poiblí
7. aighneacht
8. ag achainí
9. dóthain ama
10. rún éigeandála

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin leat na focail a thuiscint.

Ceist 2

Féach ar an mír den dara huair agus tabhair cúig phointe eolais don duine in aice leat faoina bhfaca tú.

Ceist 3

Féach ar an mír arís agus breac síos pointe amháin eolais faoi na daoine seo a luadh inti.

Eamon Ryan	
Pobal na Tulaí	
Christine O'Brien	
Comhairleoirí Chontae an Cláir	

Ceist 4 ‘... go bhféadfadh nach scaoilfeadh...’

1. Bain úsáid as na briathra seo – *ceannaigh*, *réitigh*, *ól* agus *léigh* – chun na rialacha a bhaineann leis an modh coinníollach a léiriú. Lean na samplaí sa tábla.

<p>Cuardaigh</p> <p>chuardóinn chuardófa chuardódh sé / sí chuardóimis chuardódh sibh chuardóidís</p> <p><u>An cheist</u> an gcuardódh siad? ní chuardódh siad</p> <p><u>An saorbhriathar</u> chuardófaí an gcuardófaí? ní chuardófaí</p>	<p>Cuir</p> <p>chuirfinn chuirfeá chuirfeadh sé / sí chuirfimis chuirfeadh sibh chuirfidís</p> <p><u>An cheist</u> an gcuirfeá? ní chuirfeá</p> <p><u>An saorbhriathar</u> chuirfí an gcuirfí? ní chuirfí</p>
<p>Ceannaigh</p>	<p>Léigh</p>
<p>Réitigh</p>	<p>Ól</p>

2. Cuir an cheist seo ar an duine in aice leat anois: Dá mbuafá an lotto amárach cad a dhéanfá leis an airgead?

Ceist 5 An tuiséal ginideach

Bain amach na lúibíní sna samplaí thíos agus cuir an leagan ceart den tuiséal ginideach uatha sna bearnaí.

in oirthear Chontae (an Clár) _____
i mbun (feirmeoireacht) _____
i gcoinne (an ceadúnas) _____
i measc (an pobal) _____
tréimhse (an Nollaig) _____
a dhóthain (am) _____

Éist leis an tuairisc arís le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 6 Díospóireacht ranga:

Ba cheart ceadúnas a thabhairt don chomhlacht sirtheoireacht a dhéanamh ar ór agus ar airgead i gContae an Chláir.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

- | | |
|--------------------------|--|
| 1. feachtas | <i>campaign</i> |
| 2. Aire Comhshaoil | <i>Minister for the Environment</i> |
| 3. mianraí | <i>minerals</i> |
| 4. de dheasca | <i>because of, as a consequence of</i> |
| 5. síneadh coicíse | <i>a fortnight extension</i> |
| 6. comhairliúchán poiblí | <i>public consultation</i> |
| 7. aighneacht | <i>submission</i> |
| 8. ag achainí | <i>appealing</i> |
| 9. dóthain ama | <i>enough time</i> |
| 10. rún éigeandála | <i>emergency resolution</i> |

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

<p>Cuardaigh</p> <p>chuardóinn chuardófá chuardódh sé / sí chuardóimis chuardódh sibh chuardóidís</p> <p><u>An cheist</u> an gcuardódh siad? ní chuardódh siad</p> <p><u>An saorbhriathar</u> chuardófaí an gcuardófaí? ní chuardófaí</p>	<p>Cuir</p> <p>chuirfinn chuirfeá chuirfeadh sé / sí chuirfimis chuirfeadh sibh chuirfidís</p> <p><u>An cheist</u> an gcuirfeá? ní chuirfeá</p> <p><u>An saorbhriathar</u> chuirfí an gcuirfí? ní chuirfí</p>
<p>Ceannaigh</p> <p>cheannóinn cheannófá cheannódh sé / sí cheannóimis cheannódh sibh cheannóidís</p> <p><u>An cheist</u> an gceannódh sí? ní cheannódh sí</p> <p><u>An saorbhriathar</u> cheannófaí an gceannófaí? ní cheannófaí</p>	<p>Léigh</p> <p>léifinn léifeá léifeadh sé / sí léifimis léifeadh sibh léifidís</p> <p><u>An cheist</u> an léifeadh sibh? ní léifeadh sibh</p> <p><u>An saorbhriathar</u> léifí an léifí? ní léifí</p>

Réitigh réiteoinn réiteofá réiteodh sé / sí réiteoimis réiteodh sibh réiteoidís	ÓI d'ólfainn d'ólfá d'ólfadh sé / sí d'ólfaimis d'ólfadh sibh d'ólfaidís
<u>An cheist</u> an réiteofá? ní réiteofá	An cheist an ólfaidís? ní ólfaidís
<u>An saorbhriathar</u> réiteofaí an réiteofaí? ní réiteofaí	An saorbhriathar d'ólfaí an ólfaí? ní ólfaí

Ceist 5

in oirthear Chontae **an Chláir**
i mbun **feirmeoireachta**
i gcoinne **an cheadúnais**
i measc **an phobail**
tréimhse **na Nollag**
a dhóthain **ama**

Ceist 6

Roinn an rang ina dhá ghrúpa agus abair leo go mbeidh leath an ranga i bhfabhar an rúin agus an leath eile i gcoinne an rúin. Tabhair tamall do gach grúpa (nó grúpaí) a gcuid argóintí a réiteach sula gcuirfear tús leis an díospóireacht.

Eibhlín Ní Choistealbha

Bhur gcéad fáilte thar n-ais tráthnóna. Tá feachtas pobail tosnaithe¹ in oirthear Chontae an Chláir i gcoinne plean mianadóireachta sa cheantar. Bhí sé tugtha le fios ag an Aire Comhshaoil, Eamon Ryan, go raibh ceadúnas le tabhairt do chomhlacht chun dul i mbun cuardaigh sa dúthaigh² do mhianraí agus ór. Ach de dheasca míshástacht áitiúil, tá síneadh coicíse tugtha anois ag an Roinn chun dul i mbun próiseas comhairliúcháin phoiblí.

Tomás Ó Mainnín

In aice an Tulach (na Tulaí) in oirthear Chontae an Chláir atá Christine O'Brien i mbun feirmeoireachta.

I'm originally from Western Australia, but I'm here twenty years now in Ardboula, Tulla.

Tomás Ó Mainnín

Díreach roimis³ na Nollag⁴ a fuair sí amach go raibh sé beartaithe ag an Roinn Comhshaoil, ceadúnas a thabhairt do chomhlacht chun dul i mbun cuardaigh anseo do mhianraí, ina measc sin, ór agus airgead. Tugadh go dtí an naoú lá d'Eanáir don bpobal⁵ chun cur i gcoinne an cheadúnais. Ach tá fearg i measc an phobail faoin bplean, agus anois tá feachtas polaitiúil agus poiblí tosnaithe i gcoinne na bpleananna sin.

I gceantar beag tuaithe, tá nach mór dhá mhíle duine tar éis aighneacht a shíniú ag achainí ar an Aire Comhshaoil cúlú ar a chinneadh ceadúnas a thabhairt.

Everybody I've spoken to is in objection, is in objection to it going ahead and...

Tomás Ó Mainnín

Dúirt Christine O'Brien, fiú má thugann an tAire an ceadúnas anois, go bhféadfadh nach scaoilfeadh an pobal lucht cuardaithe na mianraí isteach ar a gcuid talún.

I don't think so. I think that there will be widespread opposition to it.

Cormac Ó Gráda, An Scairbh

Táimid an-neirbhíseach ó thaobh an phlean sin mar níl a lán ama againn chun na fadhbanna a phlé.

Tomás Ó Mainnín

An tseachtain seo i gcruinniú de chuid chomhairleoirí Chontae an Chláir, léiríodh míshástacht leis an dtráth bliana a cuireadh an t-iarratas seo chun cinn. Dúradh go raibh formhór den bpobal dírithe ar thréimhse na Nollag agus nach raibh a dhóthain ama ann don bpobal chun an t-iarratas féin a mheas agus a phlé eatarthu féin. Thacaigh formhór na gcomhairleoirí le rún éigeandála go n-iarrfaí ar an Aire diúltú don gceadúnas. Tá síneadh go dtí an fichiú tríú lá d'Eanáir curtha leis an dtréimhse comhairliúcháin phoiblí.

Tomás Ó Mainnín, Nuacht TG4, in oirthear Chontae an Chláir.

¹ leagan canúnach de *tosaithe*

² leagan canúnach de *dúiche*

³ leagan canúnach de *roimhe*

⁴ *roimh an Nollaig* an leagan canúnach

⁵ Canúint na Mumhan atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cloítear le nósanna na canúna sin maidir le réamhfhocail agus an t-alt, mar shampla, urú seachas séimhiú i ndiaidh 'den' agus 'don', agus urú ar ainmfhocail dar tús 'd' agus 't'.